



Ciorclán 0022/2020

Chuig: Chuig Údarás Ardoideachais le scaipeadh ar gach Institiúid Theicneolaíochta, Ollscoil Theicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Acadamh Ríoga na hÉireann, Coláiste Oideachais Mhuire gan Smál, an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha agus Coláiste San Aingéal

COVID-19 (Coronavirus)

Baineann na socruithe seo a leanas le gach fostaí sa tSeirbhís Phoiblí.

Treoraíonn an tAire Oideachais agus Scileanna na rialacha agus na nósanna imeachta seo a bhaineann le socruithe speisialta chun freastal ar COVID-19 do bhaill foirne atá fostaithe i bpoist faofa atá á mhaoiniú ag cistí an Oireachtais.

Caithfidh gach fostóir na nósanna imeachta seo a chur i bhfeidhm ón bpointe seo ar aghaidh agus caithfidh an fhoireann cloí leis na socruithe speisialta.

Coimeádann an Roinn an ceart aici féin na socruithe seo a athrú ag aon am de réir na comhairle a thagann ón FSS faoi shláinte an phobail.

Deimhnigh le do thoil go gcuirtear cóipeanna den Chiorclán seo ar fáil do gach ball den eagraíocht lena mbaineann tú agus go ndírítear aird na foirne atá fostaithe agat ar a bhfuil ann, ina measc iad siúd atá ar shaoire neamhláithreachta.

Is féidir an Ciorclán seo a rochtain ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.gov.ie

Tara Carton
Príomhoifigeach
Caidreamh Foirne Seachtraí

9 Márta 2020

1. Réamhrá

- 1.1 Is víreas é COVID-19 (Coronavirus) ar féidir leis tinneas a chruthú do na scámhóga agus na feadáin anála.
- 1.2 Tá dualgais ar an bhfostóir ón Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 maidir le sláinte agus leas na foirne ag an obair a dheimhniú.
- 1.3 Ba chóir d'fhostóirí agus d'fhostaithe cloí leis an treoir atá leagtha amach ag an FSS agus/nó ag a ndochtúir.

2. Cuspóir an Chiorcláin seo

- 2.1. Is é cuspóir an Chiorcláin seo ná fostóirí a chur ar an eolas faoi shocruithe d'fhostaithe a bhfuil COVID-19 tolgtha acu lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil an víreas faighte acu ach ar comhairlódh dóibh féin-aonrú chun scaipeadh an víris a chosc.

3. Neamhláithreacht Speisialta

- 3.1 Faoin gCiorclán seo, tá sé de dhiscréid ag an bhfostóir neamhláithreacht speisialta le pá a bhronnadh ar fhostaí má tá deimhniú cuí faighte ó dhochtúir nó ón FSS ar dhiagnóis COVID-19 nó go bhfuil féin-aonrú molta, de réir threoirlínte na FSS.
- 3.2 Ba chóir an Neamhláithreacht Speisialta le pá d'fhostaithe nach gá dóibh teacht ar obair mar gheall ar COVID-19 a bheith bunaithe ar **bhunphá agus liúntais sheasta amháin**. Ní áirítear ardíocaíochtaí anseo.
- 3.3 Ní áireofar mar chuid de thaifead Saoire Bhreitheachta an fhostaí aon neamhláithreacht speisialta le pá a bhronntar mar thoradh ar fhéin-aonrú nó diagnóis COVID-19. Leanfaidh an cead neamhláithreachta speisialta le pá don mhéid laethanta a mholann FSS/an dochtúir.
- 3.4 Nuair a bhíonn neamhláithreacht speisialta le pá á bhronnadh, beidh comhlíontacht leis na forálacha don neamhláithreacht speisialta le pá i gceist. Má tharlaíonn neamh-chomhlíontacht le forálacha na neamhláithreachta speisialta le pá (lena n-áirítear an riachtanas ar dheimhniú bona fide den fhéin-aonrú/diagnóis ar COVID-19 a sholáthar) is féidir na nósanna imeachta mar atá faoi láthair, ina measc bearta araíonachta, a chur i bhfeidhm.
- 3.5 Is cóir d'fhostóirí an neamhláithreacht a cheadaítear a chlárú mar b'fhéidir go mbeidh gá ag an Roinn le sonraí staitistiúla.

4. Féin-Aonrú

- 4.1 Tá na critéir don Fhéin-Aonrú leagtha amach ag an FSS ag:- <https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/self-isolation-and-limited-social-interaction.html>.
- 4.2 Is í an chomhairle faoi láthair ón FSS ná go bhféadfadh go mbeadh 14 lá i gceist ón teagmháil le COVID-19 go dtí go léirítear na siomptóim.
- 4.3 Más í an chomhairle dochtúra gur chóir don fhostaí nach bhfuil breoite féin-aonrú, ba chóir don fhostóir breathnú ansin maidir le solúbthacht do shocruithe oibre de chineál eile, má chuireann a leithéid ar chumas an fhostaí leanúint ar aghaidh ag obair m.sh. obair ón mbaile a ghríosadh, más féidir sin. Munar féidir malairt socruithe oibre a dhéanamh, is féidir leis an bhfostóir neamhláithreacht speisialta le pá a dheonú.

- 4.4 Má tá an fostaí ar neamhláithreacht speisialta le pá cheana féin, mar gheall ar fhéin-aonrú, agus má fhaigheann sé/sí an víreas COVID-19 ina dhiaidh sin, is féidir leanúint leis an neamhláithreacht speisialta le pá do thréimhse na breoiteachta, faoi réir ag teastas dochtúra a bheith tugtha don fhostóir.
- 4.5 Ar aon dul leis na prionsabail ghinearálta a bhaineann le Saoire Bhreoiteachta, caithfidh an fostaí teagmháil a dhéanamh leis an bhfostóir má bhíonn aon cheann de na cúinsí seo i gceist. Ba chóir, freisin, teagmháil chúil a bheith idir an fhostóir agus an fostaí le linn tréimhse na neamhláithreachta speisialta.
- 4.6 Nuair a bhíonn an tréimhse féin-aonraithe thart, ba chóir cloí le comhairle an dochtúra agus Treoirlínte na FSS maidir leis an am le fillleadh ar an obair.

5. Gnáthshaoire

- 5.1 Faoi théarmaí agus coinníollacha na Scéime Saoire Bhreoiteachta, is cóir don fhostóir gnáthbhreoiteacht m.sh. breoiteacht de chineál riospráide, a chlárú ar an gcóras ábhartha. Má tharlaíonn ina dhiaidh sin go mbíonn diagnóis COVID-19 ag an bhfostaí, beifear ábalta an neamhláithreacht speisialta le pá a chur i bhfeidhm go cúlgabhálach in ionad Saoire Bhreoiteachta.

6. Nósanna Imeachta chun Iarratas a Dhéanamh

- 6.1 Moltar d'fhostóirí na Seirbhíse Poiblí a bpleananna do leanúnachais an ghnó a athbhreithniú i bhfianaise an scéil atá ag teacht chun cinn.

7. Cosaint Sonraí

- 7.1 Caithfidh an fhostóir gach doiciméad a bhaineann le neamhláithreacht speisialta le pá a choinneáil leis na taifid ábhartha ar phearsanra ar bhealach sábháilte agus slán de réir pholasaí an fhostóra ar chosaint sonraí agus na rialúcháin um chosaint sonraí.